# Réamhrá an Chathaoirligh

Ní raibh bliain éasca ag SFÉ anuraidh. Tá sainordú thar a bheith simplí ach deacair againn, is é sin, soláthar táirgí fola atá sábháilte, slán agus iontaofa a chur ar fáil d'othair a úsáideann seirbhís sláinte na hÉireann. Amhail cuid mhaith eagraíochtaí meánmhéide eile, bhí orainn laghduithe móra a dhéanamh ar chaiteachas, agus ar líon na foirne chomh maith, le blianta beaga anuas agus chuaigh sé seo i bhfeidhm go dian ar ár bhfoireann. Tá gach duine acu ag obair ar bhealach níos déine, ag éirí níos táirgiúla agus níos solúbtha.

Ba mhaith liom a chur in iúl go soiléir go bhfuil mé féin agus an Bord fíorbhuíoch as gach rud atá déanta ag ár bhfoireann agus ár bhfoireann feidhmiúcháin le blianta beaga anuas. Murach a ndíograis, a n-ardchaighdeáin agus a dtacaíocht, ní fhéadfaimis ár sainordú a chur i gcrích ar feadh lá amháin fiú. Tá an-tacaíocht faighte againn chomh maith ón Aire Sláinte agus ó na státseirbhísigh dhíograiseacha ina Roinn siúd. Go pearsanta, is mór agam tacaíocht, comhairle, am agus fuinneamh mo chomhghleacaithe ar an mBord. Gabhaim buíochas le cách!

Rinneadh dhá athrú mhóra struchtúrtha i rith na bliana. Tá an chéad cheann acu sin, ár gcóras nua TF, le bheith curtha ar siúl i Meitheamh 2015. Tosaíodh an obair chun seo a thosú dhá bhliain ó shin, agus tá sí tar éis dul i bhfeidhm ar gach uile chuid de SFÉ agus ar gach ball foirne. Tá sé éasca ag daoine taobh amuigh den eagraíocht gannmheas a dhéanamh ar an iarracht a bhfuil gá léi chun seo a dhéanamh, ach ní dhéanann an Bord agus an fhoireann feidhmiúcháin a leithéid. Is é an dara ceann ná go bhfuil tús curtha faoi dheireadh leis an bplean a raibh moill air le fada ionad nua fola a thógáil i gCorcaigh, le cur in áit ár n-áise in Ospidéal Naomh Fionnbarra. Baineadh comhaontú amach thart ar dheireadh 2014 idir muid féin, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, an tOspidéal Ollscoile, Corcaigh agus FSS chun forbairt nua a dhéanamh ar shuíomh an OOC, agus bhí sé seo faofa ag an Aire Sláinte le déanaí.

Tá tuilleadh athruithe le teacht. Tá próiseáil ar shuíomh amháin, áit a bpróiseálfar an fhuil go léir ó lánfhuil dheonaithe, déanfar í san Ionad Náisiúnta Fola i mBaile Átha Cliath, agus tosófar seo i Meán Fómhair 2015. Déantar athbhreithniú gníomhach ar ár gciste pinsean agus tá plé ar siúl leis an Roinn Sláinte agus leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe le teacht ar réiteach fadtéarmach cobhsaí ar ár ndúshláin reatha. Tá staidéar críochnaithe againn ar Heipitíteas E i ndaonra na hÉireann. Ós rud é go bhfuil tástáil ar fáil anois le haghaidh an víris seo, tá plé ar siúl againn leis an Roinn Sláinte faoin gcaoi is fearr le freagra a thabhairt ar na torthaí seo. Mar fhocal scoir, tá athbhreithniú á dhéanamh againn ar an bpolasaí atá againn faoi láthair iarchur fad saoil a dhéanamh ar dheonacháin ó fhir a bhíonn ag bualadh craicinn le fir eile. Go héifeachtach, is cosc buan é seo ar dheonacháin a fháil ó fhir aeracha atá gníomhach go collaí. Is é seo an socrú is coitianta atá i bhfeidhm i seirbhísí fola tíortha forbartha, ach táimid tiomanta d'athbhreithniú iomlán a dhéanamh ar an bpolasaí.

Bhí sé de phribhléid agam freastal ar ár searmanais bronnta dóibh siúd a dheonaigh fuil 50 agus 100 uair, chomh maith le bualadh lenár ndeontóirí agus lena muintir. Bíonn cainteoir againn ag gach searmanas a ndeachaigh deonachán fola a fuair sé/sí i bhfeidhm air/uirthi agus cuireann a scéalta in iúl domsa agus do na deontóirí go soiléir cén fáth a bhfuil SFÉ ann agus an líon mór bealaí ina dtéimid i bhfeidhm ar shaol mhuintir na hÉireann. Is muid an dara comhlacht deonach is mó in Éirinn (taobh thiar de CLG). Is daoine thar a bheith speisialta iad ár ndeontóirí. Murach iad agus an freastal rialta a dhéanann siad ar ár gclinicí beag beann ar an aimsir, ní mhairfeadh soláthar fola na hÉireann ach beagán faoi bhun seachtaine amháin. Gabhaim buíochas libh go léir thar ceann mo chomhghleacaithe agus ar mo shon féin.

**An tOllamh Anthony Staines**
Cathaoirleach

# Tuarascáil an Phríomh-fheidhmeannaigh




Lean SFÉ d'aistriú fola ar ardchaighdeán a chur ar fáil i rith 2014 in ainneoin cuid mhaith dúshlán a bheith roimh an eagraíocht. Cé gur baineadh cuid mhaith rudaí amach i rith na bliana, ba é an t-athrú ba mhó ná mar a rinneamar tomhas ar haemaglóibin ag ár gclinicí deonaithe.

Déantar cuid mhaith atreoraithe le haghaidh Hb i gcás SFÉ agus ar feadh roinnt blianta roimhe seo, ní rabhamar ag oibriú de réir na leibhéal Hb atá infheidhmithe i dTreoir Fola an AE. Bhí sé seo ag teacht lenár nÚdarás Inniúil. D'athraigh tabhairt isteach an 'haemospect' sin agus ní hamháin gur chloígh SFÉ leis an Treoir, ach rinneamar laghdú 5% ar ár n-atreorú le haghaidh Hb. Den chéad uair, níor ghá dúinn feachtais speisialta a reáchtáil i rith mhíonna an tsamhraidh chun deonacháin a lorg. Bhí an Stiúrthóir Leighis agus Eolaíoch, an Dr. William Murphy, ar thús cadhnaíochta sa chur chuige nuálaíoch seo, agus ní mór tréaslú leis siúd agus leis na daoine a d'oibrigh go dlúth leis ar chur i bhfeidhm na teicneolaíochta seo.

Tá uasghrádú á dhéanamh ag SFÉ ar ár gcóras rialaithe banc fola agus cuireadh dhá ghné den chóras ag oibriú i rith 2014. Ba iad seo eTraceline, modúl othar, agus eRiskline, modúl sruth oibre. Bhí obair ar siúl go fóill ar an bpríomheilimint, eProgresa, agus táthar ag súil leis go seolfar é i ráithe 1 de 2015.

Braitheann SFÉ ar obair dheonach agus pobail áitiúla chun a misean soláthar sábháilte agus inbhuanaithe fola a chur ar fáil a chur i gcrích. Sheolamar comhpháirtíocht le Cumann Lúthchleas Gael (CLG) in Eanáir 2014, eagraíocht a eagraíonn ár gcluichí náisiúnta chun deonadh fola a chur chun cinn. Is forbairt thar a bheith spreagúil é seo agus ba chóir go gcuirfeadh sé deonacháin bhreise ar fáil ar fud na tíre. Chomh maith leis sin, d'osclaíomar ár ndara clinic haemacrómatóise i gCorcaigh agus cuireann sé seo deis ar fáil do dhaoine a bhfuil HH orthu fuil a dheonú.

Is é an dúshlán is mó atá roimh SFÉ ná an laghdú ar ioncam agus méadú ar chostais ár socruithe pinsean. Tá tionchar mór ag ceist na bpinsean ar chuid mhaith rudaí eile seachas soláthar socruithe pinsean amháin. Is fíorbhagairt é ar chumas SFÉ leanúint de sheirbhís fuilaistriúcháin a chur ar fáil ar ardchaighdeáin cháilíochta agus éifeachtúlachta.

Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil leis an bhfoireann go léir a oibríonn i SFÉ. Murach bhur dtiomantas agus bhur ngairmiúlacht, ní fhéadfaimis na seirbhísí a bhíonn de dhíth ar othair a chur ar fáil go tráthúil.

**Andrew Kelly**
Príomhfheidhmeannach

# Tuarascáil an Stiúrthóra Leighis agus Eolaíoch



Tá an tsábháilteacht, éifeachtúlacht agus soláthar mar phríomhbhuarthaí go fóill ag Seirbhísí Fuilaistriúcháin ar fud an domhain. Sáraítear sábháilteacht le buarthaí inmheánacha cáilíochta agus ionfhabhtuithe a eascraíonn sa daonra i gcoitinne a chuireann na deonacháin riachtanacha fola ar fáil – an tuairim is 140,000 deonachán iontach fial a thugann gnáthdhaoine agus a bhíonn de dhíth ar an tír le tacú le cúram d'othair atá ag dul faoi scian, a bhfuil cóireáil ailse á déanamh orthu, nó atá ag cur fola mar gheall ar thimpistí nó aimhréidheanna cnáimhseacha.

Tá dul chun cinn mór déanta maidir le dearbhú cáilíochta agus rialú ar aistriú fola, agus is dlúthchuid í de chreatlach SFÉ anois san áit a mbíodh sraith tástálacha breise i bpróiseas bailithe, stórála agus dáilte na fola. Is gnó am-íditheach mionchúiseach costasach é atá comhtháite le agus leabaithe i ngach aon rud a tharlaíonn sna céadta próiseas agus comhchuid ar leith de sheirbhís fuilaistriúcháin.

Tá fadhbanna fíor-thromchúiseacha cruthaithe ag ionfhabhtuithe éiritheacha agus bhí cruachás mór ann mar gheall ar anachana athfhillteacha i saol an aistrithe fola maidir le vCJD, mar shampla, cás a chruthaigh cuid mhaith deacrachtaí sna 1990idí agus sa chéad seo.

Tá sé ag dul i léig anois mar bhagairt ar aistriú fola, cé go bhféadfadh roinnt cásanna a bhfuil tréimhsí goir fíorfhada ag baint leo teacht chun cinn amach anseo go fóill mar gheall ar ionfhabhtú cothúcháin roimh 2000. Mar thoradh air seo, táimid airdeallach go fóill inár gcur chuige i dtéarmaí imeacht ó na bearta a chuirimid i bhfeidhm chun riosca scaipthe an ghalair trí aistriú fola a laghdú. Cuimsíonn siad seo an cosc ar dheonú fola in Éirinn ó dhaoine a raibh cónaí orthu sa Ríocht Aontaithe (Tuaisceart Éireann san áireamh), cosc nach bhfuil gean an phobail air, ar feadh bliana nó níos faide idir 1980 agus 1996, agus an caitheamh i dtraipisí plasma a scartar ó fhuil dheonaithe, rud a bhfuil costas mór air. Tá na galair a bhíonn á n-iompar ag muiscítí ag scaipeadh a réime ó thuaidh mar gheall ar athrú aeráide – bhí maláire le sonrú ar feadh tamall gearr arís sa Ghréig, agus bhí víreas na Níle Thiar, fiabhras deinge agus Chikungunya tugtha faoi deara nó tugtha faoi deara arís san Eoraip le roinnt blianta anuas. Ach mar a tharla le vCJD, VEID agus heipitíteas B agus C, is mó go mór an baol d'othair a fhaigheann aistriú fola ó ghalair a bhfuil tréimhsí fada goir ag baint leo ná an baol ó ionfhabhtuithe géara amhail fiabhras dengue nó fiú Ebola. Tá bagairt ag baint le Heipitíteas E i láthair na huaire - is galar é seo a iompraítear trí bhia agus atá le tabhairt faoi deara in Éirinn arís agus i gcodanna eile de Thuaisceart na hEorpa le déanaí. Níl ann ach ionfhabhtú lag i measc daoine sláintiúla agus is é an rud is measa a bheadh i gceist leis ná tinneas lag neamhbhuan, agus is minic nach mbíonn airíonna ionfhabhtaithe ar bith i gceist. Ach i gcás líon beag othair ospidéil, áfach, d'fhéadfadh ionfhabhtú a bheith ina chúis le Heipitíteas leanúnach a d'fhéadfadh a bheith mar chúis le galar trom ae. Tá an staidéar atá déanta ag SFÉ in 2014 tar éis tabhairt le fios go bhfuil víreas Heipitíteas E i dtuairim is deontóir sláintiúil amháin as 5,000. Ag deireadh na bliana, d'iarramar tacaíocht bhreise ar an Roinn Sláinte le híoc as scagthástáil deontóirí fola le haghaidh an víris seo amach anseo.

Tá raic agus díospóireacht phoiblí ann go fóill mar gheall ar an gcosc conspóideach ar dheonú fola ó fhir a bhuaileann/a bhuail craiceann le fir eile. Chuir SFÉ athbhreithniú faoi bhráid an Aire Sláinte in 2014 ar stair agus réasúnaíocht thabhairt isteach an choisc seo sna 1980idí, nuair a bhí tuiscint lag ann ar bhagairt SEIF a bheith á iompar trí fhuil, in

# Tuarascáil an Stiúrthóra Leighis agus Eolaíoch

éineacht leis na roghanna agus na himpleachtaí a bhaineann leis an gcosc a bhaint nó a fhad a athrú. Tá éiginnteacht ag baint le gach rogha, cúrsaí a fhágáil mar atá siad faoi láthair agus an pobal ina choinne san áireamh, chomh maith le féidearthacht riosca méadaithe áirithe tarchuir idirthréimhse VEID go hothair a fhaigheann aistriú fola. Is ionann idirthréimhse agus cás ina dtugann duine deonachán fola go luath tar éis dó/di VEID a thógáil – suas le seachtain nó níos lú – nuair nach féidir le tástáil ar bith leibhéil ísle an víris a bhrath sa deonachán fola.) Cé gur dócha go bhfuil an méadú ar riosca ó athrú an choisc an-íseal, baineann sé le gach othar a fhaigheann aistriú fola, agus má táthar le cinneadh a dhéanamh glacadh leis an riosca ar a son, beidh gá le comhairliúchán poiblí chomh maith le hanailís eolaíoch ar an éiginnteacht. Tá próiseas an athbhreithnithe agus na teagmhála seo ar siúl go fóill in 2015.

Forbairt eile nach raibh chomh conspóideach in 2014 ná gurb í SFÉ an chéad seirbhís fuilaistriúcháin náisiúnta ar domhan a thug isteach seiceáil neamh-ionrach haemaglóibine do dheontóirí fola. Is modh nua é seo chun leibhéal na haemaglóibine san fhuil a thástáil le cinntiú go bhfuil an deontóir oiriúnach le fuil a dheonú. Seachas sampla fola a fháil ó bharr na méire, lonraítear solas bán xeanóin trí fhíochán an laín mhéire, agus ríomhtar an leibhéal haemaglóibine sa deontóir ó phátrún ionsúite an speictrim dhearg. Cé go raibh fadhbanna áirithe moille againn ar dtús ag na clinicí, tá léirithe ó shin go bhfuil an córas níos tapúla, níos saoire agus níos fearr ná an seancheann agus nach miste le héinne nuair nach gcuirtear snáthaidí isteach ina méara a thuilleadh.

Leanaimid de bheith gafa le roinnt forbairtí eile sa réimse amhail géinitíopáil fhéatach Rhesus D ó shamplaí fola máithreachais d'fhonn cóireáil réamhbhreithe a threorú, agus modhanna chun tiúcháin phláitíní a chóireáil ar mhaithe leis an riosca tarchuir ionfhabhtaithe trí aistriú fola a laghdú tuilleadh. Taobh amuigh d'Éirinn, tosaíodh trialacha cliniciúla in 2014 le fáil amach an bhféadfaí modhanna comhchosúla a chur i bhfeidhm ar chealla dearga le haghaidh aistriú fola chomh maith, rud a chiallaíonn go bhféadfadh buarthaí maidir le hionfhabhtuithe éiritheacha nó idirthréimhse éirí i bhfad níos lú sula i bhfad.

**William Murphy MD, FRCPEdin, FRCPath**
Haemaiteolaí Comhairleach
Stiúrthóir Leighis agus Eolaíoch
MRN 021564

# Oibríochtaí

## Seirbhísí Ospidéil

Tá an Roinn Seirbhísí Ospidéil san INF agus i IRAFM freagrach as dáileadh na dtáirgí fola agus na dtáirgí monaraithe go léir go náisiúnta. Déantar dáileadh sa dá shuíomh. Léiríonn an tábla seo a leanas líon na dtáirgí fola a dáileadh go náisiúnta in 2014.

| Cur Síos ar an Táirge | Dáilte |
|---|---|
| Lánfhuil | 5 |
| Cealla dearga | 125972 |
| Pláitíní (aifiréis) | 18450 |
| Pláitíní (taiscthe) | 4134 |
| Crióidheascán (taiscthe) | 0 |
| Úsáid (aonair) nua-naí crióidheascáin | 111 |
| Plasma úr reoite | 55 |
| Táirgí eile: Leocaicítí Taiscthe (foinse granalaicítí) | 46 |

Seo a leanas ar an tábla seo thíos na táirgí déantúsaithe a dáileadh go náisiúnta:

| Cur Síos ar an Táirge | Dáilte |
|---|---|
| Riastap 1g | 5500 |
| Octaplex 500 | 0 |
| LG Octaplas O | 11293 |
| LG Octaplas A | 5363 |
| Octaplas B | 636 |
| LG-octaplas B | 2218 |
| Uniplas | 942 |

Bhainistigh an roinn Seirbhísí Ospidéil an t-aistriú go LG-Octaplas B in 2014, agus iad ag obair go dlúth leis an soláthraí Octapharama agus leis na hospidéil i rith an ama sin.

Lean an Roinn Seirbhísí Ospidéil san INF/IRAFM araon de phríomhról a imirt i bhfeabhsú leanúnach soláthair fola agus táirgí fola a aistrítear ó fheidhm iompair SFÉ go dtí an chuideachta faoi chonradh chuig FSS, rud a cuireadh ar bun ar 27 Bealtaine 2013.

Chomh maith leis sin, thacaigh an Roinn Seirbhísí Ospidéil sna INF/IRAFM araon le cur i bhfeidhm eTraceline, rud a seoladh ag deireadh seachtaine Lá Fhéile Pádraig in 2014.

| Táirge Tánaisteach | An líon a ullmhaíodh |
|---|---|
| Cealla Dearga | |
| Cealla Dearga Nite | 94 |
| Cealla Dearga le haghaidh IUT | 64 |
| Cealla Dearga, Plasma Laghdaithe | 585 |
| Cealla Dearga Roinnte le haghaidh Úsáid Nua-Naíoch | 1,125 |
| Táirgí Plasma | |
| Crióidheascán Taiscthe | 19 |
| Crióidheascán le haghaidh úsáid nua-naíoch | 142 |
| Pláitíní | |
| Pláitíní, Nite | 20 |
| Pláitíní, Dáileog Phéidiatraiceach | 12 |
| Pláitíní, Forthiubhaithe | 1 |
| Granalaicítí | |
| Leocaicítí, Taiscthe | 24 |
| Leocaicítí, Taiscthe, Laghdú ar Líon na gCeall Dearg | 22 |

Rinneadh nuashonrú ar uainchláir na nEolaithe Leighis agus na gCúntóirí Saotharlainne i Samhain agus Deireadh Fómhair faoi seach. Rinneadh an t-athrú chun an soláthar foirne a chur i gcomhréir ar bhealach níos fearr leis an sruth oibre sa tsaotharlann.

## Comhpháirtíocht le CLG

Seoladh an chomhpháirtíocht le CLG go hoifigiúil ar 14 Eanáir 2014 le preasócáid a bhí ar siúl san Ionad Náisiúnta Fola. Bhí an chomhpháirtíocht seolta go hoifigiúil ag Uachtarán Chumann Lúthchleas Gael, Liam O'Neill, agus Príomhfheidhmeannach SFÉ, Andy Kelly. Bhí réaltaí idirchontae CLG amhail Tony Kelly, Eoghan O'Gara, Anna Geary agus Laura McEnaney i láthair chomh maith. Tá sé i gceist ag an bhfeachtas feasacht a mhúscailt ar an 70,000 duine a mbíonn aistrithe fola de dhíth orthu in Éirinn in aghaidh na bliana.




## Garda Blood 4 Life Cycle

Bhí Turas Rothaíochta Blood4Life na nGardaí ar siúl arís ó 12 Bealtaine go 16 Bealtaine agus thug 18 rothaí cuairt ar 26 contae taobh istigh de 5 lá. Ba é aidhm an turais rothaíochta ná feasacht a mhúscailt ar an ngá atá le fuil ar fud na hÉireann.

Thaistil na rothaithe 195km ar an gcéad lá trí Chorcaigh, Ciarraí, Luimneach, an Clár, Tiobraid Árann agus Laois. Agus d'éirigh leo bualadh le pearsana cáiliúla ar feadh an bhealaigh chomh maith!! Bhuail Leas-Mhéara Luimnigh an Clr. Joe Leddin agus Aileen Browne, Bainisteoir Ceantair, Seirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann leo ag Halla Cathrach Luimnigh. Agus bhí an Garda Stephen Roe i bpictiúr leis an mbuaiteoir uile-Éireann, Tony Kelly.

Sna laethanta ina dhiaidh sin, chuaigh na rothaithe i ngleic go cróga le cineálacha éagsúla aimsire le leanúint dá dturas iomlán 1000km agus iad ag críochnú ag Halla Cathrach Chorcaí, áit a raibh cuid mhaith daoine muinteartha agus cairde agus Ard-Mhéara Chorcaí, an Comhairleoir Mary Shields, le bualadh leo.

thoradh air seo go bhfuil laghdú ollmhór tar éis teacht ar líon na samplaí a atreoraíodh ó Shaotharlann Diagnóisice an INF chuig an tSaotharlann Tagartha Idirnáisiúnta Grúpaí Fola (STIGF) le leathscór bliain anuas, go dtí an dá shampla atá ann faoi láthair le haghaidh deimhniú antasubstainte.

### ETraceline

D'éirigh leis an Roinn Diagnóisice an córas nua TFE (BEC) a chur i bhfeidhm ar 15/03/2014. Tugtar eTraceline air agus is é an modúl othair de eProgesa. Bhí feabhsú ar stíl na dtuairiscí a eisítear dár mBainc Fola Ospidéil mar thoradh air seo.

### ALLMHAIRIÚ FOLA/TÁIRGÍ NEAMHCHOITIANTA

Allmhairíodh iomlán 14 aonad ceall dearg agus 4 phláitín ón iasacht in 2014.

| Aonaid a Allmhairíodh ón Iasacht | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Frith-IgA | Cás leighis | 1 | FTSNS i Learpholl | |
| Frith-U | Cás leighis | 4 | FTSNS i Learpholl | |
| | | | | |
| Frith-U | Seacha-dadh Pleanáilte | 2 | FTSNS i Learpholl | |
| Antasub-staint ALD | Cás leighis | 4 | FTSNS i Learpholl | Pláitíní meait-seáilte ALD |
| Feinitíopa Frith-c r'r' | Cás leighis | 7 | FTSNS i Learpholl | |

*Frith-U*
Láimhsigh SFÉ dhá chás; ceann amháin le haghaidh breith bheartaithe agus cás haemaiteolaíoch amháin ina raibh frith-U neamhchoitianta.

*Frith-c*
Bhain an cás seo le hothar a raibh aimhréidheanna cairdiacha air/uirthi. Imscrúdaíodh an sampla, braitheadh frith-c agus rinneadh an t-othar a thíopáil mar r'r', rud ar cineál neamhchoitianta é. Allmhairíodh seacht n-aonad trí huaire ón mBanc Náisiúnta Reoite ag FTSNS, Learpholl

### SNMSC

Bhí an Roinn Diagnóisice páirteach i 4 scéim dearbhaithe cáilíochta. Ceithre chleachtadh i SMSCÉ (IEQAS) agus 'AQQAS', 10 gcleachtadh in SNMSC agus cleachtadh amháin i nGéinitíopáil Fuilghrúpa Ceardlainne Móilíní, agus bhí siad go léir sásúil.

# Cáilíocht agus Cloí

Leanadh de chur i bhfeidhm mholtaí an Athbhreithnithe ar Cháilíocht in 2014. Ba mhór an dul chun cinn é ceapadh Oifigeach Haemafhaireachais atá freagrach as faireachas táirgí Fola, Fíocháin agus TLA (ATMP) don Fhoireann Cáilíochta, agus cumasóidh sé soláthar mholtaí an Athbhreithnithe ar Cháilíocht.

Rinne an tÚdarás Rialála Táirgí Sláinte (ÚRTS, dream ar tugadh BLÉ orthu roimhe sin) sé chuairt chigireachta rialaithí ar 6 Fhoras Fola i rith 2014, agus iad ag cuimsiú phríomhionad an INF, ionad próiseála Chorcaí agus clinicí go náisiúnta. Níor tugadh aon neamhchloí mór faoi deara i rith na cigireachta seo agus 33 cás faireachais eile.

Chomh maith leis sin, rinne an ÚRTS cigireacht speisialta ar ghníomhaíochtaí na hOifige Náisiúnta Haemafhaireachis (ONH), tarraingíodh 3 shampla mhóra de neamhchloí anuas i rith na cigireachta agus thug SFÉ freagra orthu sin.

Rinneadh athbhreithniú 10 mbliana ar rátaí Chloí SFÉ, rud a thug le fios go raibh 88 cuairt chigireachta déanta ag an BLÉ/ÚRTS idir 2004-2014 gan sampla neamhchloí criticiúil ar bith i gceist, 0.23 sampla neamhchloí mór ar an meán in aghaidh na cuairte cigireachta agus 4.69 sampla neamhchloí eile tugtha faoi deara.

Is ionann sprioc SFÉ agus meán < 1 cheann amháin mór in aghaidh na bliana le haghaidh cuairteanna cigireachta rialaitheacha. Chuimsigh clár iniúchóireachta inmheánaí DC iomlán 46 iniúchadh roinne ar leith in aghaidh na bliana. Rinneadh 4 iniúchadh díoltóirí i rith 2014 ar dhíoltóirí ríthábhachtacha, lenar áiríodh soláthraí seirbhís dáilte do FSS.

Rinneadh tuairisciú na méadrach Cáilíochta don TLE agus do Bhord SFÉ go ráithiúil, agus é ag cuimsiú rátaí dúnta amach le haghaidh AInna, athbhreithniú ar aisghairmeacha, rátaí gearán, sonraí Faireachais, Sonraí Saotharlainne SSDC.

Bhain an Córas Tuairiscithe Teagmhas Inmheánach leas in 2014 as athbhreithniú rialta ar rátaí dúnta amach ag an Athbhreithniú seachtainiúil Bainistíochta Cáilíochta, rud a raibh ráta dúnta amach deireadh bliana 86.5% mar thoradh air, rud a sháraigh sprioc 80%.

Bailíodh, imscrúdaíodh agus críochnaíodh gearáin faoi Sheirbhís na nDeontóirí i gcomhréir leis na spriocanna socraithe agus d'éirigh linn ráta críochnaithe 98% a bhaint amach faoi dheireadh na bliana.

Tá Córas Láimhseála Gearán thar a bheith gníomhach ag SFÉ chomh maith, trína dtaisceann ospidéil sonraí faoi ghearáin seirbhíse/faoi tháirgí, agus imscrúdaíonn SFÉ iad seo ina dhiaidh sin. B'ionann an críochnú faoi dheireadh na bliana agus 91.5%, méid a chloígh leis an sprioc.

Tá faireachas iar-mhargaíochta á dhéanamh ag SFÉ chomh maith trí Theagmhais Throma Dhíobhálacha (TTDanna) agus Frithghníomhartha Troma Díobhálacha (FTDanna) a thaifeadadh. Thuairiscigh SFÉ 105 TTD agus 107 FTD don Oifig Náisiúnta Haemafhaireachais in 2014. Bhí sé mar thoradh ar fhorbairt córais FF ag OH SFÉ gur braitheadh TTDanna féideartha ar bhealach níos luaithe agus gur imscrúdaíodh agus gur críochnaíodh cásanna ar bhealach níos tapúla.

Tá eolas breise faoi na sonraí seo sa Tuarascáil Bhliantúil a sheol SFÉ chuig BLÉ in 2014.


Anuas air sin, bailíonn córas Faireachais Deontóirí teagmhais a bhaineann le deontóirí (clinicí), agus tuairiscíodh iomlán 640 teagmhas in 2014. Seoltar tuarascáil ilchodach bhliantúil chun an ÚRTS ar Fhaireachas Deontóirí.

# Acmhainní Daonna

## An Struchtúr Foirne

Forbraítear straitéisí acmhainní daonna i gcomhréir le struchtúr an tsoláthair foirne:

### Próifíl Foirne de réir aoisghrúpa agus gnéis




## Tionscadail Acmhainní Daonna

Bhí ról suntasach ag lucht bainistíochta acmhainní daonna in 2014 i dtacú le cláir bainistíochta ar athrú, bainistíocht lucht saothair, pleanáil agus soláthar acmhainní, agus in oiliúint agus forbairt leanúnach.

## Tionscadail Bainistíochta Athruithe

- **Próiseáil in Aon Suíomh Amháin**
  Cuireadh clár Iomarcaíochta Deonaí i bhfeidhm in 2014
  Thosaigh an próiseas ath-imlonnaithe go hinmheánach agus tá ath-imlonnú seachtrach go hOspidéal Ollscoile Chorcaí ar siúl go leanúnach
  Athstruchtúrú agus atheagrú seirbhísí a bhfuil tionchar á imirt orthu ó Ionad Chorcaí go dtí an tIonad Náisiúnta Fola
- **Cónascadh Seirbhísí Ospidéil / na Saotharlainne Comhchodanna**
  Críochnaíodh an Próiseas Comhairliúcháin agus táthar ag fanacht le toradh na Cúirte Oibreachais
- **Athbhreithniú ar Riarachán Leighis**
  Tá Céim 1 den athbhreithniú críochnaithe agus tá an tuarascáil curtha faoi bhráid na Foirne Bainistíochta Feidhmiúcháin

## Bainistíocht AD, Pleanáil agus Soláthar Acmhainní do Thionscadail

- **Tionscadal Softco** – Céim 1: Cur i bhfeidhm córas comhaid cóipe boige AD a chuimsíonn comhaid stairiúla
- **Cur i bhfeidhm leanúnach Chomhaontú Bhóthar Haddington:** Reo dáta incriminte bharr an scála
- **Pinsean:** Bhí próiseas fada comhairliúcháin ar siúl i rith 2014 le Ceardchumainn, Lucht Bainistíochta SFÉ, an Roinn Sláinte agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

